

UÁG UÁG

An tlasgaire seo agus a thriúr fear fuireann uiliug , fuireann ar cheathar bhíodar ag iasgach ag an Lic Mhóir. Tháinig bulc coróga aniar agus bhí bean an fhir ar leis an bád bhi sí go dona tinn ag fágáil an tighe dó-san. Bhí iasg le faghail tréan aca nuair a tháinig bulc coróga eile os cionn an bháid agus a n-aghaidh ar Ghaillimh.

“Uág” adeir coróg aca. “Ni fhágad” adeir an tlascaire. Nuair a d’imthigh na coróga adeir sé “tá Máire caillte”.

Is gearr go dtáinig bulc eile .

“Uág” adeir coróg.

“Ní fhagad” adeir sé “tá fhios agam anois go bhfuil sí caillte”.

An tríomhadh bulc corógaí a tháinig “Uág” uág uág” adeir chaon cheann acab.

“Fágfad” adeir an tlascaire “tá sí caillte.”

Nuair a tháinig sé a dtír tháinig mac leis ar an gcé. “A dhaidí” adeir sé “tá mo mháthair ag dhul chun Dé. Tá sí ag tarraingt roimpe a dhaidí” adeir sé, téirigh abhaile agus leig léi.”

Rith an gasúr go dtáinig sé isteach. “ Dubhairt mo dhaidí libh” adeir sé “leigean léi”. “Á a stór “ adeir na mná “tá sí caillte.”

Bhí sí caillte roimh an iascaire.

Diarmuid na dTrioslógaí – Snag Breac